**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfidh tú marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 11.30**

| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceisteanna** | | **Marc** | **Scrúdaitheoir** | **Scrúdaitheoir Comhairleach** |
| | @ | 3 | | |
| | @ | 2 | | |
| | @ | 1 | | |
| | @ | 0 | | |
| **Marc Iomlán** | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo
ar ais le do fhreagarleabhar.
Caillfidh tú marcanna mura gcuireann.

**1. SÍONCHAITHEAMH**




Taispeántar carraig aolchloiche atá síonchaite san fhótagraf thuas.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an limistéar aolchloiche síonchaite seo ná ***pábháil aolchloiche / pluais aolchloiche***.

(ii) Cruthaítear an ghné seo ag ***síonchaitheamh meicniúil / síonchaitheamh ceimiceach***.

(iii) Is féidir sampla den ghné seo a fháil ***sa Bhoireann / ag Clochán an Aifir***.

**2. CARRAIGEACHA**

Is iad Bruthcharraigeacha, Carraigeacha Dríodair agus Carraigeacha Meiteamorfacha na príomhghrúpaí carraigeacha.

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas agus an grúpa carraige ceart á chur isteach agat.

(i) Is é a thugtar ar charraigeacha a chruthaítear ag teas mór nó brú ná

_______________________________.

(ii) Is é a thugtar ar charraigeacha déanta as ábhar bolcánach leáite fuartha ná

_______________________________.

(iii) Is é a thugtar ar charraigeacha déanta as iarsmaí brúite ainmhithe, plandaí nó ábhair carraig eile ná_________________________.

**3. AIBHNEACHA**

Críochnaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas agus na téarmaí cearta as an tábla thíos á n-úsáid agat.

| | | |
|---|---|---|
| Craobh-abhainn | Cumar | Inbhear |
| Foinse | Abhantrach | Dobhardhroim |

(i) Is é a thugtar ar an limistéar draenáilte ag abhainn agus a cuid craobh-aibhneacha ná an


________________________________________.

(ii) Is é a thugtar ar an áit a mbuaileann craobh-abhainn leis an bpríomhabhainn ná an

________________________________________.

(iii) Is é a thugtar ar bhéal taoide abhann ná an ______________________________.

**4. PATRÚIN AN DOMHAIN**




Scrúdaigh an léaráid thuas.


Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is ***gaotha teo / gaotha fuara*** iad na gaotha ag **A**.

(ii) Is ***trádghaotha anoir-aneas / trádghaotha anoir-aduaidh*** iad na gaotha ag **B**.

(iii) Tá limistéar le ***brú ard / brú íseal*** le fáil ag **C**.

## 5. ÚSÁID FUINNIMH




Scrúdaigh an phíchairt thuas a thaispeánann úsáid fuinnimh sa bhaile in Éirinn in 2013.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas díobh seo atá ceart.

1. Fearais ísealchumhachta a bhí i gceist i gcás 31% d'úsáid fuinnimh sa bhaile.
2. Solas agus cócaireacht le chéile a bhí i gceist i gcás 9% d'úsáid fuinnimh sa bhaile.
3. Bhí an céatadán úsáide ag fearais ísealchumhachta níos mó ná an céatadán úsáide d'uisce te tí.
4. Téamh spáis a bhí i gceist i gcás an chéatadáin is mó d'úsáid fuinnimh sa bhaile.
5. Uisce te tí a bhí i gceist i gcás na ceathrú coda, geall leis, d'úsáid fuinnimh sa bhaile.

1, 2, 3 ☐


1, 3, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 4, 5 ☐

**6. IONCHAS SAOIL**

Ionchas Saoil




Scrúdaigh an léarscáil thuas a thaispeánann ionchas saoil ar fud an domhain.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá an t-ionchas saoil ***ard / íseal*** sa Ghearmáin.

(ii) Tá an t-ionchas saoil ***méanach / íseal*** i Mailí.

(iii) Tá formhór na dtíortha ina bhfuil an t-ionchas saoil íseal san ***Afraic / Áis***.

**7. IMIRCE**

Taispeánann an tábla thíos toisc bhrú, toisc tharraingthe agus bac ar imirce dhaonna.

| | | |
|---|---|---|
| Dlí inimirce | Corraíl shibhialta | Seirbhísí níos fearr |


Críochnaigh gach ceann de na habairtí seo a leanas agus na téarmaí cearta as an tábla thuas á n-úsáid agat.

(i) Toisc bhrú is ea ____________________.

(ii) Toisc tharraingthe is ea ____________________.

(iii) Bac ar imirce is ea ____________________.

**8.** **CAIRT AIMSIRE**




Scrúdaigh an chairt aimsire thuas.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an limistéar lagbhrú san Atlantach ná ***lagrach / frith-chioclón***.

(ii) Tabharfaidh an fronta aimsire ag teacht i dtreo na hÉireann aimsir ***chiúin / ghaofar*** leis.

(iii) Is é a thugtar ar línte a cheanglaíonn áiteanna arb ionann brú an atmaisféir iontu ná ***isihiaití / iseabair***.

**9.** **DÉANTÚSAÍOCHT**


Is é a bhíonn i gceist de ghnáth le tionscal gan chuing ná:

| | |
|---|---|
| Tionscal atá lonnaithe in aice le hamhábhair. | ☐ |
| Tionscal nach bhfuil ceangailte le suíomh amháin ar leith. | ☐ |
| Tionscal nach bhfaigheann deontais ón rialtas. | ☐ |
| Tionscal nach dtugann fostaíocht ach do chéimithe tríú leibhéal amháin. | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. CÓSTAÍ




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é atá sa ghné lipéadaithe **X** san fhótagraf thuas ná ***stua farraige / tambaló***.

(ii) Baineann an ghné seo le ***sil-leagan cósta / creimeadh cósta***.

(iii) Is é an phróiseas trínar cruthaíodh í ná ***gníomhú hiodrálach / síobadh feadh cladaigh***.

**NÓ**

## 10B. OIGHRIÚCHÁN




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é atá sa ghné san fhótagraf thuas ná ***fiord / coire***.

(ii) Baineann an ghné seo le ***hoighearchreimeadh / sil-leagan oighreach***.

(iii) Is é an próiseas (na próisis) trínar cruthaíodh í ná ***gníomhú hiodrálach / sracadh agus scríobchaitheamh***.

**FREAGAIR 11A NÓ 11B**

**11A. UIRBIÚ**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | Sraoilleáil uirbeach |
| B | Baile dórtúir |
| C | LCG (CBD) |
| D | Athnuachan uirbeach |

| ColúnY | |
|---|---|
| 1 | Croí-limistéar gnó agus siopadóireachta. |
| 2 | Struchtúir nua á dtógáil in áit seanfhoirgneamh. |
| 3 | Forbairt uirbeach ag leathadh isteach i gceantair tuaithe. |
| 4 | Mar cheantar cónaitheach is mó a fheidhmíonn an baile seo. |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | 4 |
| C | |
| D | |

**NÓ**

**11B. LONNAÍOCHT STAIRIÚIL**

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach.

(i) Fianaise ar lonnaíocht Normannach iad caisleáin.

***Fíor*** ***Bréagach***

(ii) Fianaise ar lonnaíocht réamh-Chríostaí iad galláin.

***Fíor*** ***Bréagach***

(iii) Fianaise ar lonnaíocht phlandála iad liosanna.

***Fíor*** ***Bréagach***

**FREAGAIR 12A NÓ 12B**

**12A. AIMSIR**

Is é a thugtar ar scamaill ag airde an-mhór, a bhfuil baint acu le dea-aimsir ná:

- Scamaill chumalais ☐
- Scamaill chiorrais ☐
- Scamaill stratais ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**12B. AERÁID**

Is é a thugtar ar an aeráid atá ann idir 55° ó thuaidh agus an Ciorcal Artach ná:

- Aeráid mheánchriosach ☐
- Aeráid sabhána ☐
- Aeráid bhóireach ☐
- Aeráid mheánmhuirí ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**13. CÚNAMH**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | Cúnamh ceangailte |
| B | Cúnamh éigeandála |
| C | Cúnamh forbartha |
| D | Cúnamh iltaobhach |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Cúnamh a thugtar do thubaistí nádúrtha. |
| 2 | Cúnamh a thugtar le coinníollacha faoi leith. |
| 3 | Cúnamh a thugann rialtais d'eagraíochtaí domhanda. |
| 4 | Cúnamh a thugtar le haghaidh forbairt fhadtéarma. |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | 4 |
| D | |

**14. SAOTHRÚ AR PHORTAIGH MHÓNA NA hÉIREANN**

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas díobh seo ceart.

1. Meaisín é díogaire a úsáidtear chun portaigh a dhraenáil.
2. I limistéir shléibhtiúla amháin a fhaightear portaigh ardaithe.
3. Meaisín é muilleoir a úsáidtear chun an mhóin a scríobadh ó dhromchla portaigh.
4. Acmhainn nádúrtha in-athnuaite í móin.
5. Móin phróiseáilte atá i mbrícíní.


1, 2, 3 ☐

1, 3, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 4, 5 ☐

15. **LÉARSCÁIL SRÁIDE**




Scrúdaigh an léarscáil sráide thuas a thaispeánann cuid de Lár Bhaile Átha Cliath.

Ainmnigh an tsráid a dtiocfá chuici i ndiaidh duit na treoracha thíos a leanúint.

- Siúl soir ó dheas ar feadh An Lána Cúil (Back Lane) (K50 ar an ngreille)
- Cas ar dheis go dtí Sráid Niocláis (Nicolas Street) agus siúl ó dheas
- Tóg an tríú sráid ar clé.

| | |
|---|---|
| An tSráid Ard (High Street) | ☐ |
| Bóthar an Rosa (Ross Road) | ☐ |
| Sráid Scabhat na dTarbh (Bull Alley St) | ☐ |
| An Com (The Coombe) | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 16. TURASÓIREACHT

Cuairteoirí ón Iasacht chun na hÉireann, 2013

| Tír / Réigiún | Líon Cuairteoirí |
|---|---|
| An Ríocht Aontaithe | 2,929,000 |
| Na Stáit Aontaithe | 1,036,000 |
| An Ghearmáin | 483,000 |
| An Fhrainc | 434,000 |
| Benelux | 265,000 |
| An Spáinn | 263,000 |
| An Iodáil | 234,000 |
| Críoch Lochlann | 210,000 |
| An Aigéine | 188,000 |
| Ceanada | 123,000 |
| An chuid eile den Eoraip | 575,000 |
| An chuid eile den Domhan | 248,000 |
| **Iomlán** | **6,988,000** |

CSO

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann eolas mar gheall ar na cuairteoirí ón iasacht a tháinig chun na hÉireann in 2013.

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach.

(i) Tháinig an líon is mó cuairteoirí chun na hÉireann in 2013 ón bhFrainc.

***Fíor*** ***Bréagach***

(ii) Tháinig níos mó cuairteoirí chun na hÉireann ón Iodáil agus Críoch Lochlann le chéile in 2013 ná mar a tháinig ón bhFrainc.

***Fíor*** ***Bréagach***

(iii) Thug beagán faoi shé mhilliún duine ar fad cuairt ar Éirinn in 2013.

***Fíor*** ***Bréagach***

**17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| A | V 903 765 |
| B | V 862 773 |
| C | V 918 718 |
| D | V 877 676 |

| Colún Y | |
|---|---|
| 1 | Ionad Páirceála |
| 2 | Teileafón Poiblí |
| 3 | Cuaille Triantánachta |
| 4 | Galfchúrsa |

| X | Y |
|---|---|
| A | |
| B | 1 |
| C | |
| D | |


**18. AERFÓTAGRAF**



Luaigh suíomh an limistéar coillearnaí seo a thaispeántar ar an aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo agus bain úsáid as an ngnáthnodaireacht (cúlra ar dheis etc.).

Suíomh ______________________________

**19.** **FÁNA**




Is é atá sa bhfána **A** - **B** ná:

Fána chéimnithe ☐

Fána chuasach ☐

Fána dhronnach ☐

Fána réidh chothrom ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**20.** **ABHAINN NA RÉINE**

Cuir in iúl cé acu **ceann** de na ráitis a leanas atá fíor agus tic á chur sa bhosca ceart agat.

Éiríonn Abhainn na Réine sa Ghearmáin agus buaileann sí leis an bhfarraige sa bhFrainc. ☐

Éiríonn Abhainn na Réine sa Ghearmáin agus buaileann sí leis an bhfarraige san Ísiltír. ☐

Éiríonn Abhainn na Réine san Eilvéis agus buaileann sí leis an bhfarraige san Ísiltír. ☐

Éiríonn Abhainn na Réine san Iodáil agus buaileann sí leis an bhfarraige sa bhFrainc. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

---

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.


**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. DROMCHLA AN DOMHAIN

### A. Creathanna Talún




Scrúdaigh an léarscáil thall agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.


(i) Mínigh cad is brí leis an téarma *eipealár*.

(ii) Mínigh cén fáth a raibh iarmhairtí an chrith talún níos mó in Christchurch ná mar a bhí in Wellington.

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shlí chun an iarmhairt a bhíonn ag creathanna talún a laghdú.

(10)

### B. Bolcáin




www.edulinks.stcronans.ie

(i) Scrúdaigh an léaráid de bholcán thuas agus ainmnigh gach ceann de na páirteanna lipéadaithe **A**, **B**, **C** agus **D**.

(ii) Mínigh iarmhairt dhearfach **amháin** agus iarmhairt dhiúltach **amháin** a bhíonn ag bolcáin.

(10)

### C. Aibhneacha

Ainmnigh gné **amháin** a cruthaíodh ag aibhneacha agus, le cabhair léaráide lipéadaithe, mínigh conas a cruthaíodh í.

(10)


## Ceist 2. AN tATMAISFÉAR CORRACH AGUS GNÍOMHAÍOCHT AN DUINE

### A. Báisteach

Déan cur síos agus tabhair míniú, le léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, ar conas a tharlaíonn báisteach rilífe.

(10)

### B. Téamh Domhanda




www.wmo.int

Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann eolas mar gheall ar meánteochtaí domhanda ó 1881 go dtí 2010 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé acu tréimhse deich mbliana ina raibh an mheánteocht domhanda ag an leibhéal is ísle?

(ii) Cad é an mheánteocht domhanda don tréimhse 1991-2000?

(iii) Mínigh **dhá** shlí a gcuireann gníomhaíocht an duine le téamh domhanda.

(iv) Déan cur síos ar iarmhairt **amháin** ag an téamh domhanda ar Éirinn.

(10)

### C. Báisteach Aigéadach

(i) Mínigh **dhá** iarmhairt ag an mbáisteach aigéadach.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí chun báisteach aigéadach a laghdú.

(10)

**Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

**3A. Fillsléibhte**




(i) Agus léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, mínigh conas a chruthaítear fillsléibhte.

(ii) Ainmnigh sliabhraon **amháin** fillsléibhte in Éirinn.

(10)

**3B. Daonra**

An % den Daonra de réir Aoisghrúpa sa Ghearmáin agus sa Bhrasaíl in 2013

| **Aoisghrúpa** | **0-14 bliain (%)** | **15-64 bliain (%)** | **65+ bliain (%)** |
|---|---|---|---|
| An Ghearmáin | 13.1 | 66.1 | **X** |
| An Bhrasaíl | 24.2 | 68.5 | 7.3 |

US Census Bureau

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an céatadán de dhaonra na Gearmáine atá 65 bliana d'aois nó os a chionn.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán a bheidh le sarú ag an nGearmáin sa todhchaí ag cur san áireamh an céatadán den daonra atá 65 bliana d'aois nó os a chionn.

(iii) Mínigh cén fáth a bhfuil an céatadán den daonra san aoisghrúpa 0-14 bliain d'aois i bhfad níos airde sa Bhrasaíl ná mar atá sa Ghearmáin.

(10)

**3C. Ithreacha**

(i) Mínigh an ról i bhfoirmiú ithreacha a bhíonn ag **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Aeráid
- Fásra
- Máthaircharraig
- Microrgánaigh.

(ii) Déan cur síos ar shlí **amháin** a bhfuil tábhacht ag baint leis an ithir do dhaoine.

(10)

**3D. Plódú Tráchta**




(i) Déan cur síos ar chúis **amháin** a dtarlaíonn plódú tráchta i gcathracha na hÉireann.

(ii) Mínigh **dhá** mhodh a d'fhéadfaí a úsáid chun plódú tráchta a laghdú i gcathracha na hÉireann.

(10)

## Ceist 4. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

### A. Feirmeoireacht




Is féidir féachaint ar fheirm mar chóras, le hionchuir, próisis agus aschuir.
Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas agus tagairt agat d'fheirm mheasctha ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(i) Ainmnigh **dhá** ionchur feirme.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** phróiseas a tharlaíonn ar an bhfeirm.

(iii) Ainmnigh **dhá** aschur ó fheirm agus luaigh an úsáid a bhaintear as gach ceann.

(10)

### B. Turasóireacht

Sonraí aeráide do Bhaile Átha Cliath agus an Costa del Sol (An Spáinn)

| Mí | Meitheamh | | Iúil | | Lúnasa | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uaireanta an chloig gréine | Meánteocht °C | Uaireanta an chloig gréine | Meánteocht °C | Uaireanta an chloig gréine | Meánteocht °C |
| Baile Átha Cliath | 6.5 | 17.0 | 5.0 | 18.0 | 5.0 | 18.0 |
| Costa del Sol | 9.0 | 27.0 | 10.0 | 30.0 | 9.0 | 31.0 |

Agus tagairt agat don eolas sa tábla thuas, mínigh **dhá** chúis a mbeadh an Costa del Sol níos fearr mar shuíomh do laethanta saoire gréine ná mar a bheadh Baile Átha Cliath.

(10)

### C. Iascaireacht

(i) Mínigh **dhá** chúis a ndéantar róshaothrú ar iasc.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bheart a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun ró-shaothrú iasc a chosc.

(10)

**Ceist 5. AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

**A.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf.
Ar do shracléarscail, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Dhá shráid a bhuaileann le chéile
- Séipéal
- Carrchlós
- Limistéar cónaithe.

(10)

**B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gréasán lonnaíochta tuaithe **amháin** atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agus lonnaigh an gréasán seo le tagairtí eangaí sé fhigiúir.

(ii) Mínigh cén fáth ar tháinig an gréasán lonnaíochta seo chun cinn ag an suíomh seo.

(iii) Tomhais an fad i gciliméadair ar feadh an N70 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag V 850 698 go dtí an áit a mbuaileann sé leis an N71 ag V 905 713.

(12)

**C.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **dhá** chúis a bhfuil easpa lonnaíochta ó thuaidh ó thuaidhlíne 74, agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis á úsáid agat mar thaca le gach cúis.

(8)

# Leathanach Bán